Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10511/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0190(NLE)**

**TRANS 427**
**MAR 133**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 290 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le glacadh an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin (RPN) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 290 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 290 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.6.2022
COM(2022) 290 final

2022/0190 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le glacadh an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin (RPN)**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le rún a bheidh le glacadh ag an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) sna míonna amach romhainn trí nós imeachta i scríbhinn, maidir leis an dréacht-Rialachán maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin (RPN). Tá athbhreithniú á dhéanamh ar RPN chun Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n- aisghairtear Treoir 91/672/CEE agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle[1] a chur san áireamh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. CCNR

Is eagraíocht idirnáisiúnta é CCNR a bhfuil inniúlachtaí rialála aige maidir le cúrsaí loingseoireachta intíre ar an Réin. Tá ceithre Bhallstát de chuid an Aontais (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír) agus an Eilvéis ina bpáirtithe in CCNR.

Leis an gCoinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin, a síníodh an 17 Deireadh Fómhair 1868 in Mannheim, sainítear an creat dlíthiúil lena rialaítear úsáid na Réine mar uiscebhealach intíre le haghaidh loingseoireachta agus leagtar síos cumhachtaí CCNR. An leagan den Choinbhinsiún is infheidhme faoi láthair, is toradh é ar Choinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin, a glacadh an 20 Samhain 1963, agus a tháinig i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967.

Faoin gcreat sin, tá roinnt Rialachán glactha ag CCNR. Is é an Rialachán maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin (RPN) an gníomh dlí lena gcumhdaítear ceanglais a bhaineann leis an bhfoireann.

Reáchtáiltear cruinnithe iomlánacha dhá uair sa bhliain. Ionadaithe ar Bhallstáit CCNR a dhéanann freastal orthu. Is é an cruinniú iomlánach comhlacht cinnteoireachta CCNR. Is ann a ghlactar rúin ón Lárchoimisiún agus a dhéantar rialacháin theicniúla an Lárchoimisiúin a chur in oiriúint agus a leasú. Tá vóta amháin ag gach Ballstát CCNR, agus is d'aon toil a dhéantar na cinntí. Ar bhonn eisceachtúil, is féidir cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn, d'aon toil freisin. Tá na rúin ceangailteach ó thaobh dlí. Níl an tAontas ina chomhalta de CCNR.

### 2.2. An gníomh atá beartaithe ag CCNR

Sna míonna amach romhainn, glacfaidh CCNR rún chun an RPN a leasú, arb é an rialachán teicniúil é lena gcumhdaítear ceanglais a bhaineann leis an bhfoireann. I gCoinbhinsiún Mannheim an 17 Deireadh Fómhair 1868, leagtar síos ceangailteacht RPN ar chomhaltaí CCNR. Is gá an leasú a dhéanamh d'fhonn Treoir (AE) 2017/2397 a chur san áireamh. Cé nach dtagann na ceanglais ar bhaill den fhoireann atá i mbun loingseoireachta ar abhainn na

[1] Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoracha 91/672/CEE agus 96/50/CE ón gComhairle (IO L 345, 27.12.2017, lch. 53).

Réine laistigh de raon feidhme Threoracha 91/672/CEE agus 96/50/CE, is le Treoir 2017/2397 a leathnaítear cur i bhfeidhm a rialacha maidir le habhainn na Réine[2].

Is é seo a leanas atá in Airteagal 10(2) de Threoir (AE) 2017/2397:

*'2. Aon teastas cáilíochta, leabhar taifid seirbhíse nó logleabhar a eisítear i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin, lena leagtar síos ceanglais atá comhionann leo siúd atá sa Treoir seo, beidh siad bailí ar uiscebhealaí intíre uile an Aontais. Más tríú tír a d'eisigh na teastais sin, na leabhair taifid seirbhíse sin agus na logleabhair sin, beidh siad bailí ar uiscebhealaí intíre uile an Aontais ar choinníoll go n-aithníonn an tríú tír sin, laistigh dá dlínse, doiciméid de chuid an Aontais a eisítear de bhun na Treorach seo.'*

Dá bhrí sin, ceanglaítear le hAirteagal 10(2) den Treoir seo, i gcás aon teastais cáilíochta, aon leabhair taifid seirbhíse nó aon logleabhar a eisítear i gcomhréir le RPN, nach mór do RPN ceanglais atá comhionann leis na ceanglais atá sa Treoir a leagan síos chun go mbeidh siad bailí ar uiscebhealaí intíre an Aontais. Chun go mbeidh na doiciméid maidir leis an Réin a eisíodh tar éis an 17 Eanáir 2022 bailí san Aontas, ní mór RPN a athbhreithniú dá réir sin.

Is iad na coistí agus na meithleacha a ullmhaíonn na rúin. Is faoi chúram Choiste CCNR um Shaincheisteanna Sóisialta, um Fhostaíocht agus um Oiliúint Ghairmiúil (STF) agus faoina mheitheal um shaincheisteanna sóisialta, fostaíocht agus gairmoiliúint (STF/G) atá na cáilíochtaí gairmiúla. Mar thoradh ar an bpáipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún a luaitear thíos, bhunaigh CCNR 'Tascfhórsa RPN' chun an chéad dréacht a athbhreithniú.

Cuireadh tús leis an obair ar an athbhreithniú i mí an Mheithimh 2018. Bhí aghaidh tugtha ar an ábhar seo agus bhíothas in ann teacht ar chomhaontú ar leibhéal CCNR trí na cruinnithe teicniúla seo a leanas:

- Cruinnithe STF/G (22/03/2018, 06/09/2018, 22-23/01/2019, 21/02/2019,19/03/2019, 09/05/2019, 10-11/09/2019, 9/10/2019, 06-07/11/2019);
- Cruinnithe STF (21/03/2018, 19/03/2019, 10/10/2019);
- Seisiún iomlánach CCNR (07/06/2018, 04/12/2019);

An 22 Deireadh Fómhair 2020, chuir an Coimisiún páipéar leathoifigiúil faoi bhráid na Comhairle d'fhonn seasamh an Aontais a bhunú, le linn chruinniú Mheitheal SFT CCNR an 5 Samhain 2020 agus seisiún iomlánach CCNR an 3 Nollaig 2020, maidir leis an gcéad leagan de RPN a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 20 Nollaig 2019. Léiríodh ábhair imní le roinnt forálacha sa chéad dréachtleagan go raibh siad ar neamhréir leis na forálacha a leagtar síos i dTreoir (AE) 2017/2397 nó nach raibh siad comhionann leo. Níor ghlac an Chomhairle seasamh agus tharraing CCNR siar glacadh RPN ón gclár oibre ag an dá chruinniú thuasluaite. Tar éis sraith cruinnithe ar an leibhéal teicniúil idir seirbhísí an Choimisiúin agus CCNR agus tar éis roinnt malartuithe de thograí téacs, thíolaic CCNR an 31 Márta 2022 an ceathrú leagan de dhréacht-athbhreithniú RPN. Is é ábhar an togra seo an ceathrú leagan sin, faoi réir leasuithe sonracha arna moladh ag an gCoimisiún.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tá gá le cinneadh lena mbunaítear an seasamh thar ceann an Aontais ar bhonn Airteagal 218(9) CFAE ós rud é go dtagann an t-ábhar faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais de

[2] Féach aithris 4 de Threoir (AE) 2017/2397.

bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE, ós rud é go ndéantar na hábhair a chumhdaítear faoi RPN a rialáil i ndlí an Aontais leis na forálacha comhchuibhithe atá i dTreoracha (AE) 2017/2397, 2008/68/CE[3] agus 2005/36/CE[4].

Is é an seasamh atá beartaithe ag an Aontas tacú le glacadh leagan leasaithe den RPN (féach an Iarscríbhinn). Measann an Coimisiún go bhfuil gá le modhnuithe ar thogra CCNR a tíolacadh an 31 Márta 2022 ar an gcúis seo a leanas:

In Airteagal 10(2) de Threoir (AE) 2017/2397, glactar leis go bhfuil cómhaireachtáil ann idir creat dlíthiúil an Aontais agus creat dlíthiúil CCNR trína shonrú go bhfuil teastais cháilíochta, leabhair taifid seirbhíse agus logleabhair arna n-eisiúint i gcomhréir le RPN, lena leagtar síos ceanglais atá comhionann le ceanglais na Treorach, bailí ar uiscebhealaí intíre an Aontais.

Mar sin féin, níor cheart neamhspleáchas dhlí an Aontais Eorpaigh, arb é an t-aon fhoinse bhailíochta do dhoiciméid de chuid an Aontais amhail teastais cháilíochta de chuid an Aontais, a chur i mbaol. Go háirithe, ba cheart dó a bheith soiléir, maidir le huiscebhealaí intíre an Aontais, nach bhfuil aon inniúlacht ag CCNR rialáil a dhéanamh trí bhíthin ábhair RPN a bhaineann le bailíocht doiciméid an Aontais toisc nach féidir le RPN ach ceanglais a leagan síos maidir le doiciméid na Réine (amhail paitinní Réine).

Thairis sin, éilíonn forálacha idirthréimhseacha RPN modhnuithe chun lán-chomhoiriúnacht le forálacha Threoir (AE) 2017/2397 a áirithiú.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'.

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil[5].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist.

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is eagraíocht idirnáisiúnta é CCNR. Gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis atá sa ghníomh a n-iarrtar ar CCNR é a ghlacadh. D'fhéadfadh an gníomh atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith aige ar ábhar reachtaíocht an Aontais, eadhon Treoir (AE) 2017/2397. Is amhlaidh atá toisc go ndéantar tagairt shonrach i dTreoir (AE) 2017/2397 do theastais cháilíochta, do leabhair taifid seirbhíse nó do logleabhair a eisítear i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin.

[3] Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13).
[4] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).
[5] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

Dá bhrí sin, tá sé riachtanach an seasamh a leagan síos atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CCNR maidir le RPN leasaithe a ghlacadh. Is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm theagmhasach nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar na ngníomhartha atá beartaithe leis an gcomhbheartas iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91(1) CFAE bunús substainteach dlí an chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 91(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2022/0190 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le glacadh an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin (RPN)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin an 17 Deireadh Fómhair 1868, a leasaíodh leis an gCoinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin, a glacadh an 20 Samhain 1963, tháinig sé i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967.

(2) De bhun Airteagal 17 den Choinbhinsiún, féadfaidh an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) ceanglais a ghlacadh i réimse na gcáilíochtaí gairmiúla.

(3) Tá sé beartaithe go nglacfaidh CCNR, sna míonna amach romhainn, rún trí nós imeachta i scríbhinn lena leasófar an Rialachán maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin (RPN) chun Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a chur san áireamh. Chun go mbeidh an teastas cáilíochta, an leabhar taifid seirbhíse nó an logleabhar, a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán sin, bailí ar uiscebhealaí intíre an Aontais, ní mór do RPN ceanglais atá comhionann leis na ceanglais atá sa Treoir a leagan síos.

(4) Cé go nglactar le Treoir (AE) 2017/2397 leis go bhfuil cómhaireachtáil ann idir creat dlíthiúil an Aontais agus creat dlíthiúil CCNR níor cheart neamhspleáchas dhlí an Aontais a chur i mbaol. Dá bhrí sin, tá feidhm ag forálacha RPN gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/2397 i gcás ina leagtar síos leis ceanglais maidir leis an ábhar céanna.

(5) Is iomchuí an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais in CCNR a bhunú, ós rud é go bhféadfadh glacadh RPN athbhreithnithe tionchar cinntitheach a bheith aige ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Treoir (AE) 2017/2397.

(6) Dá bhrí sin, is é an seasamh atá beartaithe ag an Aontas tacú le glacadh leagan den RPN ina bhfuil ceanglais atá comhionann le ceanglais Threoir (AE) 2017/2397, faoi réir na modhnuithe a leagtar amach san Iarscríbhinn.

[1] Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n- aisghairtear Treoracha 91/672/CEE agus 96/50/CE ón gComhairle (IO L 345, 27.12.2017, lch. 53).

(7) Níl an tAontas ina chomhalta de CCNR. Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí den CCNR, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais, i gcás ina nglacfaidh an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin, trí nós imeachta i scríbhinn, rún lena leasaítear an Rialachán maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin, is é an seasamh a bheidh ann go gcomhaontófar leagan leasaithe den Rialachán sin a ghlacadh ina bhfuil ceanglais atá comhionann le ceanglais Threoir (AE) 2017/2397, faoi réir na modhnuithe a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

2. Déanfaidh Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de CCNR, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh dá dtagraítear in Airteagal 1 gan an Chomhairle cinneadh eile a dhéanamh.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*